


CIGIREACHT IARBHUNSCOLAÍOCHTA



An Chigireacht Oideachais
agus Oiliúna

Coláiste Feirste, Béal Feirste

Gaelscoil, comhoideachais, neamhroghnaitheach 11-19 bliain

Tuairisc Chigireachta Dheireadh
Fómhair 2016

Téarmaí cainníochtúla a úsáideann an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

Sa tuairisc seo, d'fhéadfaí cur síos ar choibhnis ina gcéatadáin, ina gcodáin choiteanna agus i dtéarmaí níos cainníochtúla. Nuair a úsáidtear téarmaí níos ginearálta, ba chóir iad a léirtheiscint mar seo a leanas:

Beagnach gach	-	níos mó ná 90%
An chuid is mó	-	75%-90%
Formhór	-	50%-74%
Mionlach suntasach	-	30%-49%
Mionlach	-	10%-29%
An-bheagán	-	níos lú ná 10%

Leibhéil feidhmíochta

Baineann an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) úsáid as na leibhéil feidhmíochta seo a leanas agus iad ag tuairisciú ar Ghnóthachtáil agus caighdeán, ar Sholáthar foghlama agus ar Cheannasaíocht agus bainistíocht:

Ar fheabhas
An-mhaith
Go maith
Réimse/í tábhachtach(a) le haghaidh feabhsúcháin
Feabhsúchán suntasach de dhíth
Feabhsúchán práinneach de dhíth

Éifeachtacht fhoriomlán

Baineann ETI úsáid as toradh cigireachta amháin acu seo a leanas nuair a bhíonn éifeachtacht fhoriomlán na scoile á meas:

Tá leibhéal ard acmhainne ag an scoil le haghaidh feabhsúcháin marthanach a bheadh le leas na bhfoghlaimoirí uile. Déanfaidh COO monatóireacht ar an dóigh a leanfaidh an scoil den fheabhsúchán.
Léiríonn an scoil go bhfuil an acmhainn aici feabhsúcháin a shainaithint agus a chur i bhfeidhm a bheadh le leas na bhfoghlaimoirí uile. Déanfaidh COO monatóireacht ar an dóigh a leanfaidh an scoil den fheabhsúchán.
Is gá don scoil tabhairt faoi réimse/í tábhachtach(a) le haghaidh feabhsúcháin a bheadh le leas na bhfoghlaimoirí uile. Déanfaidh COO monatóireacht agus tuairisceoidh siad ar dhul chun cinn na scoile agus iad ag tabhairt faoi an/na réimse/í le haghaidh feabhsúcháin. Beidh cigireacht fhoirmiúil leantach ann.
Is gá don scoil, ar bhonn práinne, le leas na bhfoghlaimoirí uile, tabhairt faoi na réimsí tábhachtacha le haghaidh feabhsúcháin a sainaithníodh. Tá tacaíocht sheachtrach de dhíth uirthi chun é a dhéanamh. Déanfaidh COO monatóireacht agus tuairisceoidh siad ar dhul chun cinn na scoile agus iad ag tabhairt faoi na réimsí seo le haghaidh feabhsúcháin. Beidh cigireacht fhoirmiúil leantach ann.

Clár an Ábhair

Mír	Lch.
1. Modh cigireachta agus bonn fianaise	1
2. Fócas na cigireachta	1
3. Comhthéacs	1
4. Torthaí foriomlána na cigireachta	2
5. Gnóthachtáil agus caighdeáin	2
6. Soláthar foghlama	4
7. Ceannasaíocht agus bainistíocht	6
8. Éifeachtacht fhoriomlán	7

Aguisín ar threochtaí i bhfeidhmíocht scrúduithe agus sonraí staitistiúla eile

1. Modh cigireachta agus bonn fianaise

Tá na buncheisteanna agus táscairí cáilíochta trína dtreoraítear cigireacht agus féinmheasúnú iarbhunscoileanna, ar baineadh feidhm astu sa chigireacht seo, ar fáil san fhoilseachán de chuid COO dar teideal *Together Towards Improvement: a process for self-evaluation/Le Chéile i dTreo an Fheabhsúcháin: próiseas le haghaidh féinmheasúnaithe* ag: <http://www.etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-post-primary.htm>.

Bhreathnaigh cigirí teagasc agus foghlaim, scrúdaigh siad cáipéisíocht, sonraí agus obair scríofa na ndaltaí agus chuaigh siad i gceann plé, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, le daltaí (ar bhonn aonair agus ina ngrúpaí), le múinteoirí agus le baill foirne ar a bhfuil freagrachtaí sainiúla.

I measc na socruithe le haghaidh na cigireachta seo bhí cruinniú le hionadaithe de chuid na ngobharnóirí agus deis ag gach tuismitheoir agus ag gach ball foirne teagaisc agus tacaíochta ceistneoir rúnda a chomhlánú.

D'fhreagair dó dhéag faoin chéad (65) de na tuismitheoirí agus 80% (64) de na baill foirne na ceistneoirí. Bhí freagraí na dtuismitheoirí thar a bheith dearfach agus deimhneach faoi obair na scoile. Thuairiscigh beagnach gach tuismitheoir a d'fhreagair go raibh siad sásta le heispéiris a bpáiste ar an scoil. Bhí gach ball foirne a d'fhreagair na ceistneoirí dearfach faoi obair na scoile fosta. Thug beagnach trian den fhoireann tuairimí breise; thuairiscigh siad go dearfach ar an chóimheas agus ar an chaidreamh dhearfach atá i ngach leibhéal sa scoil. Léirigh na baill foirne tuairimí dearfacha fosta ar na caighdeáin a ghnóthaíonn na daltaí. Thuairiscíodh roinnt bheag ceisteanna a tháinig aníos sna ceistneoirí leis an phríomhoide agus le hionadaithe de chuid na ngobharnóirí.

2. Fócas na cigireachta

D'fhonn feabhsúchán a chur chun cinn a bheadh le leas gach dalta, is é feidhm na cigireachta, trí chuir chuige inmheánacha agus seachtracha a nascadh go héifeachtach:

- cáilíocht an tsoláthair agus na dtorthaí do na daltaí a mheas;
- ceannasaíocht agus bainistíocht na scoile agus a n-acmhainn le feabhsúchán a fheidhmiú agus a chothú ina soláthar agus ina gcaighdeáin a mheas; agus
- bonn eolais a chur faoi phleanáil na scoile le haghaidh feabhsúcháin.

Le cois an fhócais ar Ghaeilge/litearthacht, Béarla/litearthacht agus matamaitic/uimhearthacht, bhí fócas breise sa chigireacht seo ar sholáthar na staire.

3. Comhthéacs

Is Gaelscoil chomhoideachais iarbhunscolaíochta do dhaltaí dar aois 11-19 mbliana é Coláiste Feirste. Tá an scoil suite in Iarthar Bhéal Feirste. As an cheantar máguaird agus as Mórcheantar Bhéal Feirste formhór na ndaltaí; taistealaíonn mionlach de na daltaí, áfach, suas le 40 míle sa lá le freastal ar an scoil. Tá an scoil suite i gceantar ina bhfuil ard-díothacht shocheacnamaíoch. Le trí bliana anuas, mhéadaigh líon rolla na scoile faoi 11% ó 581 go 644. Tá 43% dá cuid daltaí sainaitheanta ag an scoil mar dhaltaí a mbíonn tacaíocht bhreise de dhíth orthu i roinnt gnéithe dá bhfoghlaim.

Tá ionad tacaíocht foghlama scoilmhaoinithe ag Coláiste Feirste, nach bhfuil a leithéid ag scoil ar bith eile, mar a mbaintear úsáid as córas croífhoghlama eochairchéim (EC) 3 le tacú le foghlaim na ndaltaí; tá modhanna oideolaíochta agus straitéisí tacaíochta ar leith Gaelscolaíochta forbartha acu do pháistí a bhfuil deacrachtaí sóisialta, mothúchána agus iompair acu le cois na mbacainní foghlama a ghabhann leo.

Tá tionscadal cuimsitheach tógála ar siúl sa scoil faoi láthair leis an chóiríocht a mhéadú agus a fheabhsú.

Coláiste Feirste Béal Feirste	2013-14	2014-15	2015-16	2016-17
Líon Iontrála Bhliain 8	94	111	103	125
Líon Iomlán Daltaí	564	581	605	644
% Tinreamh (Meán TÉ)	94.3 (92.0)	94.3 (92.0)	92.3 (N/A)	N/A (N/A)
Céatadán TBSS ¹	39	61	66	59
% agus (Líon) daltaí ar chlár SRO	38.5 (217)	43.2 (251)	47.8 (289)	42.7 (275)
Líon daltaí a bhfuil ráitis riachtanais oideachais acu sa scoil phríomhshrutha	24	21	24	22
Líon daltaí nuathagtha	0	0	0	*

Foinse: sonraí atá ag an scoil

* níos lú ná 5

N/A níl sé ar fáil

4. Torthaí foriomlána na cigireachta

Éifeachtacht fhoriomlán	Acmhainn le feabhsúchán a shainaithint agus a chur i bhfeidhm
Gnóthachtáil agus caighdeán	An-mhaith
Soláthar foghlama	Go maith
Ceannasaíocht agus bainistíocht	Go maith

5. Gnóthachtáil agus caighdeán

- Bíonn cumarsáid comhoibríoch ag na daltaí lena chéile agus leis an fhoireann in éiteas ina bhfuil an cóimheas. Tá siad i bhfách le bheith ag foghlaim agus socraíonn siad caighdeán arda dóibh féin. Forbraíonn siad, ar bhonn céimnithe, réimse leathan de scileanna sa chumarsáid agus ceannasaíocht éifeachtach. Mar chainteoirí dátheangacha, léiríonn na daltaí leibhéal ard solúbthachta agus líofachta agus bogann siad go réidh agus go seascair idir cumarsáid i nGaeilge agus i mBéarla le cumarsáid agus teagmháil a dhéanamh le daoine eile, de réir mar is gá.

¹Tagraíonn an téarma 'Céatadán TBSS' don chéatadán de dhaltaí atá i dteideal béilí saora scoile.

- Tá na caighdeáin a ghnóthaíonn na daltaí sa Bhéarla an-mhaith. I bhformhór na gceachtanna, labhraíonn na daltaí go soiléir agus cuireann siad a gcuid oibre i láthair go muiníneach; tá an scríbhneoireacht i bhformhór na leabhar go beacht, dea-struchtúrtha agus curtha i gcomhthéacsanna ábhartha. Le trí bliana anuas, tá an céatadán de dhaltáí a ghnóthaíonn gráid A* go C i mBéarla TGMO go seasmhach píosa maith os cionn mheán Thuaisceart Éireann (TÉ) don chineál seo scoile. Cé nach raibh torthaí na ndaltaí go seasmhach i Litríocht an Bhéarla TGMO sa tréimhse chéanna, tá an céatadán a ghnóthaíonn gráid A* go C os cionn mheán coibhéiseach TÉ fosta.
- Tá na caighdeáin a ghnóthaíonn na daltaí sa Ghaeilge ar fheabhas. Tá an céatadán de dhaltáí a ghnóthaíonn gráid A* go C i nGaeilge TGMO go seasmhach os cionn mheán TÉ le trí bliana anuas, agus a bhformhór ag gnóthú gráid A* go B. Tá úsáid na Gaeilge ag na daltaí mar an teanga foghlama agus faoi choinne cumarsáid phearsanta ar fheabhas. Labhraíonn siad go soiléir, muiníneach agus éiríonn siad níos líofa agus iad ag aistriú ó bhliain go bliain. Tá gnóthachtáil an lín mhóir daltaí a dhéanann Gaeilge Ardleibhéil TGO os cionn mheán TÉ le trí bliana anuas. Gníothaíonn gach dalta gráid A* go C i nGaeilge (Irish) TGMO agus beagnach gach dalta ag gnóthú gráid A* go B.
- Tá na caighdeáin a ghnóthaíonn na daltaí sa mhatamaitic an-mhaith. I bhformhór na gceachtanna, bíonn na daltaí spreagtha agus baineann siad sult as an fhoghlaim, bíonn siad ábalta bheith ag obair go neamhspleách agus tig leo a bhfoghlaim a achoimriú. Gníothaíonn daltaí go maith i matamaitic TGMO agus d'ainneoin torthaí éagsúla, tá treocht fhoriomlán chun feabhais i gceist. Cuireadh beagnach gach dalta isteach ar mhatamaitic TGMO le trí bliana anuas. Tá gnóthachtáil TGMO i bhfad os cionn mheán trí bliana TÉ do scoileanna den chineál seo.
- Sa stair, tá na caighdeáin a ghnóthaíonn na daltaí an-mhaith. Tá na daltaí ábalta smaoineamh go solúbtha agus go criticiúil agus, ina gcuid oibre scríofa ardchaighdeáin, léiríonn siad eolas agus tuiscint chruinn ar théarmaíocht atá sainiúil don ábhar agus ar chineál, feidhm agus iontaofacht réimse d'fhoinní fianaise staire. Le trí bliana anuas, tá an céatadán de dhaltáí a ghnóthaíonn gráid A* go C i stair TGMO go seasmhach píosa maith os cionn mheán TÉ don chineál seo scoile. Maidir le dhá bhliain de na trí bliana is deireanaí, cé gur líon beag daltaí atá i gceist, ghnóthaigh gach dalta a cuireadh isteach ar stair Ardleibhéil TGO gráid A* go C.
- Le trí bliana anuas, tá an céatadán de dhaltáí a ghnóthaíonn cúig cháilíocht TGMO nó a gcoibhéis ag gráid A* to C go seasmhach píosa maith os cionn mheán TÉ do scoileanna neamhroghnaitheacha sa bhanda chéanna béilí saora scoile. Sa tréimhse chéanna, tá an céatadán de dhaltáí a ghnóthaíonn cúig cháilíocht TGMO nó a gcoibhéis ag gráid A* to C nó níos mó, Béarla agus matamaitic san áireamh, go seasmhach píosa maith os cionn mheán TÉ do scoileanna neamhroghnaitheacha den chineál seo agus is é a dhála sin é maidir leis an chéatadán choibhéiseach do dhaltáí atá i dteideal béilí saora scoile. Tá beagnach gach ábhar ag gráid A* go C TGMO ar aon dul le nó os cionn an mheáin trí bliana choibhéisigh do scoileanna den chineál seo. Is léiriú é ar bhua de chuid na scoile go bhfuil gnóthachtáil daltaí in os cionn leath de na hábhair níos mó ná deich faoin chéad níos airde ná meán na n-ábhar.

- Le trí bliana anuas, ghnóthaigh tuairim ar leathchuid de na daltaí trí nó níos mó TGMO Ardleibhéil, nó a gcoibhéis, ag gráid A* go C; tá an sciar seo beagán os cionn an mheáin do scoileanna neamhroghnaitheacha. Tá an ghnóthachtáil sa líon beag gairmábhair an-mhaith. Tá an céatadán de dháltaí a ghnóthaíonn dhá TGO Ardleibhéil nó a gcoibhéis ag gráid A* go E i bhfad níos ísle ná an meán do scoileanna neamhroghnaitheacha agus níl sé sin maith go leor.
- D'ainneoin go bhfeidhmíonn an scoil na critéir neamh-incháilitheachta, faoi mar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais, le líon beag daltaí a aistarraingt ó shonraí scrúduithe poiblí, is gá na gnéithe riaracháin den phróiseas aistarraingthe a fheabhsú lena chinntiú go mbíonn an cháipéisíocht ar fad a bhaineann le feidhmiú na gcritéir neamh-incháilitheachta cuimsitheach agus go gcoinnítear í.
- Nuair a chuirtear san áireamh an réimse leathan agus castacht riachtanais na ndaltaí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, agus an mhonatóireacht chórasach ar réimse leathan cuí de tháscairí cúram tréadach agus acadúla ar ghnóthachtáil rathúil, déanann na daltaí seo dul chun cinn an-mhaith.
- Téann beagnach leathchuid de dháltaí bhliain 14 ar aghaidh chuig cúrsaí ardoideachais; tá sé seo go maith os cionn mheán TÉ do scoileanna neamhroghnaitheacha agus is léiriú é ar a airde atá na caighdeáin a ghnóthaíonn na daltaí. Fágann mionlach de na daltaí an scoil ag deireadh bhliain a 13 nó ag deireadh bhliain a 14, áfach, agus an t-íosmhéid gnóthachtála acu nach leor lena dtabhairt chun cinn go dtí an chéad leibhéal staidéir eile.

6. Soláthar foghlama

- Sa mhórchóir, tá cáilíocht na pleanála, an teagaisc agus an mheasúnaithe go maith. Bhí beagnach gach ceachta (88%) a breathnaíodh go maith nó níos fearr agus cuireadh agus tugadh foghlaim na ndaltaí chun cinn; as a measc seo bhí 35% an-mhaith nó níos fearr. Is iad na tréithe a bhain leis an chleachtas is éifeachtaí: ceistiú éifeachtach oscailte le tuiscint na ndaltaí a shíneadh agus lena bhfoghlaim a mheasúnú; úsáid nuálach réimse leathan de mhodheolaíochtaí teagaisc, lena n-áirítear úsáid éifeachtach theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide (TFC); dea-úsáid réimsí suime agus uailmhianta gairme na ndaltaí le bonn eolais a chur faoi chomhthéacs na foghlama; agus deiseanna dea-phleanáilte do na daltaí foghlaim óna gcuid piaraí.
- Le blianta beaga anuas, rinne an scoil obair shuntasach le húsáid measúnuithe bonnlíne a fhorbairt trí mheán na Gaeilge le bonn eolais a chur faoi phleanáil na foghlama agus leis an dul chun cinn a dhéanann na daltaí a thomhas níos éifeachtaí. Tá barraíocht inathraitheachta, áfach, in éifeachtacht úsáid na sonraí seo ag múinteoirí. Cé go marcálann na múinteoirí obair na ndaltaí ar bhonn rialta, tá éagsúlacht i gcáilíocht agus i dtionchar na marcála, go háirithe i gcáilíocht an aiseolais a thugtar do dháltaí lena chur in iúl dóibh cad é mar a thig leo a gcuid oibre a fheabhsú a thuilleadh. Mar sin féin, tá samplaí de chleachtas atá ar fheabhas maidir le marcáil le haghaidh feabhsúcháin ar chóir iad a scaipeadh a thuilleadh tríd an scoil le go dtabharfar faoin éagsúlacht seo.
- Tá soláthar na foghlama sa mhatamaitic go maith. Tá soláthar na foghlama sa stair agus sa Ghaeilge an-mhaith. Cé go bhfuil soláthar na foghlama sa Bhéarla go maith, mar gheall ar easpa fianaise ar fhís chomhroinnte, chomhoibríoch le haghaidh feabhsúcháin marthanach laistigh den roinn, is réimse tábhachtach le haghaidh feabhsúcháin soláthar foriomlán an Bhéarla.

- Cuirtear litearthacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla chun cinn go maith agus go héifeachtach fud fad na scoile. Tá tuiscint chruinn ag formhór na múinteoirí ar an dóigh le dul chun tosaigh i gcaighdeáin na Gaeilge labhartha a chur chun cinn go héifeachtach; forbraítear go maith cumarsáid bhéil na ndaltaí i ngach gné den churaclam trí, mar shampla, deiseanna dea-struchtúrtha lena gcuid oibre a chur i láthair réimse de lucht éisteachta. Tá roinnt bheag de na ranna ábhair ag forbairt clár forbairt litearthachta ceannródaíoch, bunaithe ar thaighde agus rún acu an fhoghlaím a chomhroinnt le gach duine sa scoil. Tógtar go héifeachtach ar bhuntáistí délitearthachta na ndaltaí, lena n-áirítear tuilleadh feasachta ar struchtúr teanga, meonta níos leithne agus scileanna sóisialta dea-fhorbartha, tríd an iomad deiseanna a thugtar do na daltaí dul i gceannas ar an fhoghlaím lena bpiaraí.
- Is éifeachtach mar a chomhtháthaítear an uimhearthacht i ngach gné den churaclam agus tugtar deiseanna maithe do dhaltaí a gcuid eolais ar an mhataimaitic a úsáid agus a fheidhmiú. Tá fianaise ann de dhaltaí ag úsáid matamaitice go beacht i gcomhthéacsanna a bhaineann go sainiúil leis na hábhair i réimsí foghlama amhail eacnamaíocht bhaile, stair, staidéir mhótarfheithicil agus eolaíocht le tacú lena bhforbairt uimhearthachta.
- Is bua suntasach de chuid na scoile é soláthar cúraim agus tacaíochta do na daltaí. Éiteas uile-ghabhálach, caidreamh measúil agus meon láidir pobail na tréithe is suntasaí ann. Tá tionchar iontach dearfach ag an pholasaí iompar le haghaidh foghlama, atá chun tosaigh maidir leis an earnáil, ar fhéinmheas na ndaltaí, cuireann sé bonn agus taca faoina n-ardionchais agus cuireann sé chun cinn na daltaí a bheith freagrach as rath a gcuid foghlama féin agus foghlaim daltaí eile. Dá thoradh sin, i ngach cuid den scoil, léiríonn na daltaí go comhleánúnach go mbíonn siad toilteanach foghlaim.
- Is ardtosaíocht é freastal ar riachtanais na ndaltaí a mbíonn tacaíocht bhreise de dhíth orthu le gnéithe dá bhfoghlaim. De thairbhe cumarsáid éifeachtach, thráthúil leis na bunscoileanna friothálacha, le cois ghnáthaimh inmheánacha na scoile, cinntítear go sainaithnítear riachtanais na ndaltaí go pras agus go mbeartaítear ina leith. Tá acmhainní suntasacha infheistithe ag an scoil ina 'Ionad' (ionad tacaíocht foghlama) a bhfuil foireann eolach, tiomanta ina bhun. Tá an tIonad ag croílár soláthar tacaíocht chuí do na daltaí agus treoir éifeachtach don fhoireann; is léir a fhís agus a thionchar ar fud na scoile. Soláthraíonn sé croíchuraclam sainoiriúnaithe sa litearthacht agus san uimhearthacht do roinnt daltaí a roghnaítear go cúramach ag eochairchéimeanna 3 agus 4, le cois idirghabhálacha a shaincheaptar ar bhonn dalta aonair leis an fhoghlaím a thabhairt chun cinn sna croíréimsí seo do thart ar 40% de na daltaí gach bliain. Déantar aistriú réidh idir ranganna san 'Ionad' agus an scoil phríomhshrutha agus comhtháthaítear na daltaí a mbíonn tacaíocht bhreise de dhíth orthu go hiomlán i ngach gné de shaol agus obair na scoile. Tá caidreamh ar dóigh ag an scoil le cuid mhór gníomhaireachtaí seachtracha a thugann tacaíocht bhreise don fhoireann le freastal ar riachtanais éagsúla shóisialta, mhothúcháin, iompair agus foghlama na ndaltaí.
- Trí chlár seach-churaclaim na scoile, bunú clubanna óige Gaeilge agus a rannpháirtíocht le heagrais áitiúla spóirt agus chultúrtha, saibhrítear eispéiris foghlama na ndaltaí agus tugtar deiseanna dóibh réimse leathan de scileanna a fhorbairt agus dul i gceann an iomad ról cheannasaíochta.

- Tá an soláthar curaclaim comhleanúnach, go hairithe ag eochairchéimeanna 3 agus 4. Oibríonn an scoil go nuálach tríd an athbhreithniú rialta, deiseanna dea-phleanáilte forbairt foirne agus rannpháirtíocht shuntasach le boird scrúdúcháin le curaclam atá leathan agus cothrom ar dhóigh iomchuí, a sholáthraítear trí mheán na Gaeilge agus a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlama fhorhmór na ndaltaí. Tá an scoil go gníomhach i bpobal foghlama Iarthar Bhéal Feirste. Ag an leibhéal iar-16, níl an curaclam solúbtha go leor le freastal ar riachtanais, réimsí suime agus cumais gach dalta; mar sin de, tá gá leis an tairiscint churaclaim a athbhreithniú le conairí níos leithne a chur ar fáil de thairbhe pholasaí na scoile soláthar iar-16 a chur ar fáil do na daltaí uile.
- Tá clár ar leith dea-phleanáilte, forásach gairmthreorach agus infhostaitheachta bunaithe agus tionchar dearfach aige ar gach eochairchéim. Is maith na deiseanna a bhíonn ag na daltaí dul i mbun foghlama a bhaineann le hobair trí thaithí oibre fheidhmiúil ag iar-16 agus lá 'mo pháiste i mo láthair oibre' do dhaltaí bhliain 11. Ag pointí tábhachtacha aistrithe, bíonn rochtain mhaith ag na daltaí ar réimse d'aontaí fostaíochta agus eolas gairmthreorach atá cothrom le dáta agus a bhaineann go saineúil le hábhair, chomh maith le cruinnithe le hoifigigh ghairmthreorach agus agallaimh neamhchlaonta comhairle agus treorach ar ghairmeacha. Tá úsáid sonraí inmheánacha feidhmíochta ag an chéim luath sa roinn: is den tábhacht go n-úsáidfídh na múinteoirí soláthar gairmthreorach na sonraí seo ar dhóigh níos éifeachtaí, le cois faisnéis margadh saothair, leis an soláthar gairmthreorach a chur in oiriúint le gur fearr a fhreastalóidh sé ar riachtanais agus uaillmhianta gairme gach dalta.

7. Ceannasaíocht agus bainistíocht

- Sainaithear tosaíochtaí cuí feabhsúcháin leanúnach scoile trí chomhairliúcháin cuimsitheach, fóna le pobal iomlán na scoile agus le páirtithe leasmhara eile, gnólachtaí agus seirbhísí óige áitiúla san áireamh. Is maith an treoir iad, ar dhóigh shoiléir, chomhleanúnach, an plean forbartha scoile agus na pleananna gníomhaíochta a ghabhann leis maidir le hobair na scoile. Cé go sonraítear go cuimsitheach na cineálacha beart atá de dhíth le feabhsúcháin a dhéanamh i meastóireachtaí an phlean forbartha scoile, níl an mhonatóireacht agus measúnú ar thionchar na mbeart seo ar fheabhsú cháilíocht eispéiris foghlama na ndaltaí agus ar na caighdeáin a ghnóthaíonn siad stóinsithe go leor.
- Tá fíis shoiléir, straitéiseach don scoil ag an fhoireann shinsearach cheannasaíochta (FSC) agus cuireann siad tacaíocht agus treoir ardcháilíochta ar fáil don fhoireann. Tá ardionchais acu agus is tríd an dea-eiseamláir a thugann siad ceannasaíocht. Mar gheall ar fheabhsúcháin scoile le déanaí, a tharla de thairbhe cúram ardcháilíochta agus tiomantas d'aidhmeanna agus luachanna an scoile, tá uaillmhianta agus ionchais na ndaltaí agus an phobail i gcoitinne á n-ardú a thuilleadh. Bua ar leith de chuid an FSC a dtiomantas do chumhachtú, tacú agus cumasú bhaill phobal na scoile ceannasaíocht éifeachtach a thabhairt sna réimsí as a bhfuil freagracht orthu. Tá sé seo thar a bheith follasach do na ranna nó do na múinteoirí aonair arbh éigean dóibh forbairt agus fás taobh amuigh dá speisialtacht le freastal ar riachtanais na ndaltaí. Ba é an toradh a bhí air seo scoil nuálach, spreagúil, uathúil ina bhfuil ciall shoiléir don chomhchuspóir agus don chomhfhéiniúlacht.

- Is éifeachtach obair na meáncheannasaithe; tá siad tiomanta don fhís chomhoibríoch, iomlán scoile le haghaidh feabhsúcháin i gcultúr ina mbíonn spreagadh, comhairliúchán, dúshlán agus tacaíocht. Bíonn an iomad deiseanna acu gnéithe dá gcleachtas éifeachtach a roinnt le comhghleacaithe mar is léir tríd an *comhphobal cleachtais* ionscoile. Is cuidiú í an obair seo le cáilíocht an tsoláthair a fheabhsú agus caighdeán a ardú a thuilleadh. Cé go bhfuil dea-cháilíocht sna próisis féinmheasúnaithe i bhformhór na ranna, is gá na próisis seo a fheabhsú a thuilleadh le spriocanna níos sainúla, réadúla, intomhaiste agus uainithe a bheartú agus a shocrú le haghaidh feabhsúcháin.
- Bunaithe ar an fhianaise a cuireadh i láthair le linn na cigireachta, is é meas an COO gur féidir an-chuid muiníne a chur i ngnéithe den rialachas a measúnaíodh. Tá na gobharnóirí rannpháirteach ar bhonn gníomhach i gcinntí tábhachtacha a dhéanamh maidir le feabhsúchán scoile agus bíonn siad an-tacúil leis na ceannasaithe sinsearacha agus le hobair na scoile, ach go dtugann siad leibhéal cuí dúshláin. Tá siad tiomanta do chumasú na ndaltaí agus na foirne a lánacmhainneacht a bhaint amach agus bíonn siad ag súil leis an ghnóthachtáil is airde agus is féidir ag an fhoireann agus na daltaí araon. Croíghné den rialachas an feachtas le huaillmhianta daltaí a ardú agus a ndeiseanna saoil a fheabhsú, mar dhaoine a chuireann go dearfach leis an tsochaí, go háitiúil agus go domhanda, agus mar ambasadóirí na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh.
- Bunaithe ar an fhianaise a cuireadh ar fáil le linn na cigireachta, tá socruithe cuimsitheacha ag an scoil le daoine óga a chosaint. Léirítear sna socruithe seo an treoir a eisíonn an Roinn Oideachais. Tuairiscíonn na daltaí go mothaíonn siad slán sábháilte ar scoil; tá a fhios acu cad é atá le déanamh má bhíonn aon údar imní acu faoina sábháilteacht nó a bhfolláine agus tá siad sásta go tugtar faoi aon údar imní go pras.

8. Éifeachtacht fhoriomlán

Léiríonn Coláiste Feirste go bhfuil d'acmhainn aici feabhsúchán a shainaithint agus a chur i bhfeidhm a bheadh le leas na bhfoghlaimoirí uile.

Is iad seo a leanas na réimsí le haghaidh feabhsúcháin ar léirigh an scoil go bhfuil d'acmhainn aici dul ina gceann:

- pleanáil na foghlama a fhorbairt a thuilleadh le comhsheasmhacht na n-eispéireas foghlama a fheabhsú do gach dalta; agus
- faobhar a chur ar an phróiseas pleanáil gnímh ag leibhéal na ceannasaíochta láir.

Déanfaidh COO monatóireacht ar an dóigh a leanfaidh an scoil den feabhsúchán.

Feidhmíocht scrúduithe agus sonraí staitistiúla eile

Torthaí TGMO agus scrúduithe coibhéiseacha ó 2013-14 go 2015-16

Bunaithe ar shonraí atá ag an scoil in SIMS² agus a dearbhaíodh leis an COO, tá comparáid sa tábla thíos idir céatadán de dhaltáí bhliain 12 i gColáiste Feirste a ghnóthaíonn cúig nó níos mó toradh TGMO ag gráid A* go C agus A* go E agus ábhair choibhéiseacha, agus an céatadán de dhaltáí atá i dteideal béilí saora scoile agus meán TÉ do scoileanna neamhroghnaitheacha sa chatagóir chéanna béilí saora scoile³.

<i>TGMO agus ábhair choibhéiseacha TGMO - * i ndiaidh 15 eisiámh cheadaithe</i>	<i>2013-14</i>	<i>2014-15</i>	<i>2015-16</i>
*Céatadán de Bhliain 12 ag déanamh TGMO agus Coibhéisí in 5 ábhar ar a laghad	100	100	100
* Céatadán de Bhliain 12 a ghnóthaigh Grád C nó os a chionn in 5 ábhar ar a laghad	96.1	86.2	88.8
<i>Meán TÉ do scoileanna den chineál seo sa chatagóir chéanna béilí saora scoile</i> ⁴	<i>74.1</i>	<i>72.9</i>	N/A
*Céatadán de Bhliain 12 a ghnóthaigh Grád C nó os a chionn in 5 ábhar ar a laghad, Béarla TGMO agus Matamaitic TGMO san áireamh	57.1	42.5	69.4
<i>Meán TÉ do scoileanna den chineál seo sa chatagóir chéanna béilí saora scoile</i>	<i>44.4</i>	<i>32.9</i>	N/A
*Céatadán de Bhliain 12 a ghnóthaigh Grád E nó os a chionn in 5 ábhar ar a laghad	96.7	96.7	100
Céatadán de Bhliain 12 i dteideal béilí saora scoile a ghnóthaigh 5 nó níos mó Grád A* go C TGMO nó a gcoibhéis (Béarla TGMO agus Matamaitic TGMO san áireamh)	50	37.2	63.2

² SIMS: Córas Bainistíochta Faisnéis Scoile


³ Féach sonraí tagarmharcála agus treoir i gclár bhliantúla RO ar: 'Pleanáil Forbartha agus Socrú Spriocanna Scoileanna'.

⁴ Féach sonraí tagarmharcála agus treoir i gclár RO 2011/03: 'Pleanáil Forbartha agus Socrú Spriocanna Scoileanna'.

Gnóthú daltaí in ábhair aonair ag leibhéal TGMO ag gráid A* go C ó 2013-14 go 2015-16

Bunaithe ar shonraí atá ag an scoil in SIMS⁵ agus a dearbhaíodh leis an COO, tá comparáid idir céatadán de dhaltai bhliain 12 a ghnóthaíonn ag leibhéal TGMO ag gráid A* go C in ábhair aonair i gColáiste Feirste agus meán trí bliana TÉ do dhaltai den chineál chéanna⁶.

Léiríonn luach dearfach (ar dheis) go bhfuil meánfheidhmíocht an ábhair aonair os cionn mheán TÉ. Bíonn éagsúlacht mhór sa líon iontrálacha i ngach ábhar agus, mar sin de, ba chóir plé go hairdeallach le comparáidí idir ábhair.



* ciallaíonn níos lú ná 30 iontráil le 3 bliana anuas

⁵ SIMS: Córas Bainistíochta Faisnéis Scoile

⁶ Féach sonraí tagarmharcála agus treoir i gclár bhliantúla RO ar: 'Pleanáil Forbartha agus Socrú Spriocanna Scoileanna'

Torthaí scrúduithe Ardleibhéal TGO ag gráid A* to C ó 2013-14 go 2015-16

Bunaithe ar shonraí atá ag an scoil in SIMS agus a dearbhaíodh leis an COO, sa tábla thíos tá an céatadán de dhaltáí bhliain 14 i gColáiste Feirste a ghnóthaigh trí nó níos mó Ardleibhéal TGO ag gráid A* go C agus dhá nó níos mó Ardleibhéal TGO ag gráid A* go E.

Ardleibhéal TGO nó a choibhéis - * i ndiaidh 16 eisiámh cheadaithe	2013-14	2014-15	2015-16
Céatadán de Bhliain 14 ag déanamh leibhéil A2 agus Coibhéisí in 3 ábhar ar a laghad	75	70	84
Céatadán de Bhliain 14 ag gnóthú Ghráid C nó os a chionn in 3 leibhéal A2 ar a laghad	49.3	46.3	50
Céatadán de Bhliain 14 ag gnóthú Ghráid E nó os a chionn in 2 leibhéal A2 ar a laghad	75.3	74.1	82.1

Torthaí eile scrúduithe: iar-16

Bunaithe ar shonraí atá ag an scoil in SIMS agus a dearbhaíodh leis an COO, sa tábla thíos tá an céatadán de dhaltáí bhliain 14 sa scoil seo a ghnóthaigh gráid A* go C i ngairmchúrsaí/cúrsaí feidhmeacha atá coibhéiseach le hArdleibhéal TGO. Ní meán ar bith ar fail ón bhord/na boird do na hábhair sa tábla seo le comparáid a éascú.


Cúrsaí eile leibhéal 3 a rinneadh dhá bhliain ar a laghad de na trí bliana is deireanaí

Leibhéal 3	2013-14	2014-15	2015-16	Iomlán iontrálacha le 3 bliana anuas
	% A* - C	% A* - C	% A* - C	
Fo-Dhioplóma sna Taibh-Ealaíona BTEC	100	75	100	21
Fo-Dhioplóma sa Staidéar Gnó BTEC	----	100	92	27
Fo-Dhioplóma sa Staidéar Spóirt BTEC	93	100	88	26
Fo-Dhioplóma sa Taisteal agus Turasóireacht BTEC	100	93	73	40

Gnóthú daltaí in ábhair aonair ag Ardleibhéal TGO ag gráid A* go C ó 2013-14 go 2015-16

Bunaithe ar shonraí atá ag an scoil in SIMS agus a dearbhaíodh leis an COO, léirítear sa bharrachairt thíos an meán trí bliana den chéatadán de dhaltai bhliain 14 a ghnóthaigh Ardleibhéal TGO ag gráid A* go C in ábhair aonair i gColáiste Feirste i gcomparáid le meán trí bliana TÉ. Léiríonn luach dearfach (ar dheis) go bhfuil meánfheidhmíocht an ábhair aonair os cionn mheán TÉ. Bíonn éagsúlacht mhór sa líon iontrálacha i ngach ábhar agus, mar sin de, ba chóir plé go hairdeallach le comparáidí idir ábhair.

Comparáid le meán trí bliana TÉ ag gráid A* to C



*ciallaíonn níos lú ná 20 iontráil le 3 bliana anuas

Ráta fanacht ar scoil

Bunaithe ar shonraí atá ag an scoil in SIMS agus a dearbhaíodh leis an COO, léirítear sa tábla thíos an céatadán de dhaltai a fhanann ar Choláiste Feirste ó bhliain 12 go bliain 13 agus ansin ó bhliain 13 go bliain 14, i gcomparáid le meán TÉ do scoileanna neamhroghnaitheacha, ó thuairisceán móraíreamh daltaí scoile a cuireadh chuig an Roinn Oideachais maidir leis an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith.

2015-16	Meán TÉ	Scoil
% Bl.12 ag fanacht go dtí Bl. 13	47.8	87.2
% Bl.13 ag fanacht go dtí Bl. 14	78.2	79.5

Cinn scríbe lucht fágála

Bunaithe ar shonraí atá ag an scoil in SIMS agus a dearbhaíodh leis an COO, léirítear sa tábla thíos an céatadán de dhaltai Choláiste Feirste a fhágann an scoil le dul isteach sa bhreisoideachas, ardoideachas nó fostaíocht, nó atá ar lorg fostaíochta, i gcomparáid le meán scoileanna neamhroghnaitheacha.

	TÉ	Scoil	Leibhéal 2 (Líon)	Leibhéal 3 (Líon)	Leibhéal 4 (Líon)
Líon Iomlán ag Fágáil	6845	71			
Fostaíocht	11.7	16.9			
Institiúid Bhreisoideachais	44.9	9.9	2	5	
Institiúid Ardoideachais	16.0	46.5			33
Foghlaim lonnaithe ar an láthair oibre (Oiliúint)	20.6	14.1			
Dífhostaithe	4.4	7.0			
Ní fios	2.5	5.6			

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2016

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codana, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofarfoinse agus dáta na tuairisce ann.

Tá cóipeanna den tuairisc seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cigireachta:
www.etini.gov.uk